Comhairle Contae
Dhún na nGall
Donegal County Council

# Leabhrán Eolais i dtaca le Bealach Féich - Srath an Urláir

# Bealach Féich - Srath an Urláir

**Comhthéacs**

Tá an dá chomh-bhaile Bealach Féich / Srath an Urláir, le chéile, ar an 3ú ionad uirbeach is mó i nDún na nGall agus tá siad suite go straitéiseach laistigh de mhórcheantar láidir tuaithe i gcroílár Ghleann na Finne agus ar phointe tábhachtach ar Chonair Iompair Thuaidh Theas an N15/N13 (cuid de Chonair níos leithne an Atlantaigh).

Feidhmíonn na bailte mar phríomh-ionad miondíoltóireachta, tráchtála, sóisialta agus fóillíochta do Ghleann na Finne agus níos faide amach. Tá, go háirithe, cuid mhór spás urláir miondíola le fáil sna bailte seo (ar a n-áirítear an siopa miondíola mórchlú McElhinneys Stores); áiseanna tábhachtacha spóirt ar nós Pháirc Mhic Cumhaill agus Páirc na Finne, agus ionaid thábhachtacha shóisialta agus chultúrtha ar nós Amharclann Balor. Cuireann scoileanna, eaglaisí, bialanna agus siopaí leis an éagsúlacht úsáid talún ann. Ó thaobh an bhonneagair de, is iad príomhbhóithre náisiúnta an N15 agus an N14, agus Bóthar Réigiúnach an R252 ó Bhealach Féich go dtí na Gleannta, is mó a fhreastalaíonn ar an bhaile. Tá 3 bhunscoil agus 2 mheánscoil sa bhaile, agus daonra iomlán daltaí de 553 agus 1130 sa dá leibhéal seo faoi seach. *(Foinse: Dréacht MCT, Measúnacht um Charachtar Lonnaíochta, Comhairle Contae Dhún na nGall, 2015. Is féidir féachaint ar théacs iomlán na Measúnachta um Charachtar Lonnaíochta maidir le Bealach Féich - Srath an Urláir trí chliceáil ar an nasc thíos)*
*http://www.donegalcoco.ie/media/donegalcountyc/planning/pdfs/viewdevelopmentplans/landscapecharacterassessmentofcountydonegal/draftsettlementcharacterassessment/Tier%202%20Settlements.pdf*

---

**Roinnt Fíricí**

De réir Dhaonáireamh 2011 bhí daonra de 4,852 duine i mBealach Féich - Srath an Urláir, agus bhí fás de 16.2% air seo le linn na tréimhse 2006 - 2011 i gcomparáid le fás daonra de 9.4% sa Chontae ina iomláine. Is fianaise é seo go bhfuil an bonn daonra ag fás go láidir, rud atá ag cur dlús le tuilleadh forbartha ar an bhaile mar ionad láidir uirbeach in oirthear an Chontae.As an lucht oibre iomlán i mBealach Féich - Srath an Urláir bhí 70.5% ag obair, rud beag níos ísle ná an figiúr céanna don chontae, mar atá 73.8%. Bhí ráta dífhostaíochta 29.5% i mBealach Féich - Srath an Urláir in 2011, agus bhí sé seo ní b'airde ná an ráta dífhostaíochta sa Chontae (26.2% in 2011), rud a léiríonn go bhfuil difríocht idir an bonn láidir daonra agus cumas fostaíochta an gheilleagair áitiúil.
Is féidir tuilleadh eolais ar dhéimeagrafaíocht Bhealach Féich - Srath an Urláir a fheiceáil ag;
http://census.cso.ie/areaprofiles/areaprofile.aspx?Geog_Type=ST&Geog_Code=33045

Soláthraíonn an baile réimse seirbhísí comharsanachta d'áitritheoirí an bhaile agus don cheantar máguaird. I measc na seirbhísí comharsanachta tá roinnt seirbhísí pobail agus cultúrtha, páirceanna Peil Ghaelach agus páirceanna sacair, ionad lúthchleasaíochta, áiseanna athchúrsála, seirbhísí poiblí, seirbhísí airgeadais, otharlann phobail, oifig an phoist, An Garda Síochána, stáisiún dóiteáin chomh maith le háiseanna bunscoile, iarbhunscoile agus oideachas tríú leibhéal.


Is féidir tuilleadh eolais ar phróifíl Bhealach Féich - Srath an Urláir a fheiceáil ag; http://www.spaceialnw.eu/town-profiles/Ballybofey-Stranorlar chomh maith le heolas comparáideach eile don Chontae ag http://www.spaceialnw.eu/

**An Chreatlach Reatha Phleanála**

Tá an chreatlach reatha phleanála do Bhealach Féich - Srath an Urláir, a dtiocfaidh a mbeidh sa Phlean Ceantair Áitiúil ina áit, le fáil i bPlean Forbartha Contae Dhún na nGall 2012 - 2018 (arna leasú). Tá aitheanta i gCroí-Straitéis an PFC 2012 - 2018 go bhfuil gá le thart fá 347 aonad úr tithíochta go dtí 2018 i mBealach Féich - Srath an Urláir, agus tá 11 heicteár aitheanta le haghaidh cuspóirí cónaitheacha go príomha agus tá socruithe le déanamh do 32 heicteár eile atá in easnamh. Tá an léarscáil thíos bainte ó Aguisín A 'Creatlacha Lonnaíochta' den PFC 2012 - 2018 agus léiríonn sé an beartas reatha um úsáid talún i dtaca le Bealach Féich - Srath an Urláir, ar a n-aithnítear:

- Imchlúdach lonnaíochta Bhealach Féich - Srath an Urláir.
- An limistéar atá aitheanta mar Lár an Bhaile.
- Líon iomlán de 11 heicteár de thalamh atá criosaithe le haghaidh cuspóirí 'Cónaitheacha'.
- Tailte criosaithe mar 'Limistéir Thaitneamhachta.'
- Tailte criosaithe le haghaidh 'Oideachais'.
- Roinnt nascálacha bóithre agus nascálacha do choisithe.

**Sliochtléarscáil ó Aguisín A den PFC 2012 - 2018 (arna leasú)**



Lena chois, tá leagtha amach sa PFC 2012 - 2018 roinnt beartas a bhaineann go sonrach le Bealach Féich - Srath an Urláir agus is féidir téacs iomlán na mbeartas sin a fheiceáil ag; (Leathanaigh 2-3)
http://www.donegalcoco.ie/media/donegalcountyc/planning/pdfs/viewdevelopmentplans/countydonegaldevelopmentplan2012-2018/WrittenText.pdf
Go hachomair, baineann na beartais leis an bhealach atá beartaithe le haghaidh Sheachbhóthar Bhealach Féich - Srath an Urláir a chosaint, nascálacha bóithre atá beartaithe a chosaint, chomh maith le tailte atá criosaithe fá choinne úsáid oideachasúil agus Limistéar Speisialta Caomhantais Abhainn na Finne.

**Ceisteanna le cur san áireamh, a bhaineann go sonrach le Bealach Féich - Srath an Urláir, mar chuid d'ullmhú an PCÁ**

Chomh maith leis an chreatlach reatha phleanála do Bhealach Féich - Srath an Urláir atá le fáil sa PFC 2012 - 2018, seo roinnt samplaí de shaincheisteanna eile ar dócha a bheith san áireamh sa chuid sin den PCÁ a bhainfidh le Bealach Féich - Srath an Urláir:

- Feidhm miondíoltóireachta an bhaile agus an tábhacht atá le limistéar cinntithe lár baile.
- An tábhacht atá leis an ailtireacht shaibhir agus sonraíocht an tsráid-dreacha don eispéireas miondíoltóireachta.
- Tábhacht na n-acmhainní fóillíochta, sóisialta agus spóirt sa bhaile mar tháirgí tábhachtacha turasóireachta agus mar sin de mar acmhainní riachtanacha do gheilleagar an bhaile.
- Bealach Féich - Srath an Urláir a aithint mar Lár-Ionad Barr Feabhais do Spórt sa Chontae. I gcomhar le hullmhú an PCÁ, tá Plean Gníomhaíochta á fhorbairt do Bhealach Féich - Srath an Urláir le príomh-ghníomhaíochtaí a aithint chun tacú agus cuidiú le féidearthachtaí eacnamaíochta Bhealach Féich - Srath an Urláir mar Ionad Forbartha, agus tá an Spórt agus an Fhóillíocht ina ngné thábhachtach sa Phlean Gníomhaíochta.
- Caighdeán na cuma don tsúil ag na príomhbhealtaí isteach agus amach as an bhaile.
- Tréithe tábhachtacha bailedhreacha, agus radharcanna agus féidearthachtaí tábhachtacha, a aithníodh sa Dréacht-Mheasúnacht um Charachtar Lonnaíochta atá mar chuid den Mheasúnacht um Charachtar Tírdhreacha, a chosaint.
- Luach agus féidearthacht eacnamaíochta na hoidhreachta tógtha atá le fáil i mBealach Féich - Srath an Urláir.
- An cur chuige chun dul i ngleic leis an easnamh atá ann i dtaca le talamh criosaithe (32 heicteár) le haghaidh cuspóirí 'cónaitheacha' a sholáthróidh don ghá atá le haonaid úra tithíochta mar atá aitheanta sa Chroí-Straitéis.
- An cur chuige i dtaca le teorainn an bhaile a aithint.
- Measúnú ar riosca i gcás tuilte agus impleachtaí gaolmhara. (Nóta: Is í Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) an phríomh-eagraíocht in Éirinn le haghaidh bainistiú riosca i gcás tuilte agus tá an Oifig sin i mbun Clár Bainistíochta Riosca i gCás Tuilte Dobharcheantair a ullmhú (CBRTD). Tá Bealach Féich – Srath an Urláir aitheanta mar Cheantar le haghaidh Measúnú Breise (CMB) i dtaca le Riosca i gcás Tuilte mar chuid den Chlár seo, agus dá bharr sin tá OOP ag déanamh suirbhéanna mionsonraithe agus measúnú mionsonraithe le cúiseanna na dtuilte, suíomhanna an riosca agus réitigh / céimeanna maolaithe a aithint. Tá céimeanna éagsúla oibre agus céimeanna éagsúla comhairliúcháin i gceist le clár an CBRTD, agus tá na chéad chéimeanna acu

sin curtha i gcrích. De réir mar a théann an obair chun tosaigh, cuirfidh OOP roinnt deiseanna comhairliúcháin eile ar fáil. Tá tuilleadh eolais i dtaca le clár an CBTRD, agus CMB Bhealach Féich – Srath an Urláir le feiceáil ar www.cfram.ie)

- An cur chuige i dtaca le criosú úsáid talún sa bhaile le haghaidh cuspóirí seachas tithíocht, ar nós úsáidí fóillíochta, pobail agus eacnamaíochta.
- An gá atá le taitneamhachtaí timpeallachta agus taitneamhachtaí súl an bhaile a chosaint.

---

**Cad é mar a thig leatsa bheith páirteach sa chomhairliúchán?**

Ní liosta iomlán é na ceisteanna atá aitheanta agus is dócha ná a mhalairt go mbeidh neart ceisteanna eile ann, mar sin de tá sé tábhachtach go mbeidh guth agat i dtaca leis na ceisteanna mar a tchítear duit féin iad, agus na roghanna atá ann chun dul i ngleic leo. Leis seo a dhéanamh, is féidir leat do thuairimí agus moltaí a chur isteach, le go bhfaighfidh muid iad roimh 5pm ar an 29 Feabhra 2016, ar a mhoille, bíodh sin:

- Trí ríomhphost chuig localareaplan@donegalcoco.ie nó,
- Trí phost chuig: An Lár-Aonad Pleanála, Comhairle Contae Dhún na nGall, Teach an Chontae, Leifear.